Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Samhain 2024
(OR. en)

14768/24
PV CONS 54
AGRI 758
PECHE 415

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht** agus **Iascach**)

21 agus 22 Deireadh Fómhair 2024

**CRUINNIÚ DÉ LUAIN, AN 21 DEIREADH FÓMHAIR 2024**

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 14270/24 agus mír faoi 'Aon ghnó eile' **(mír nua 7(j))** curtha leis, arna iarraidh sin don tSlóvaic. Chomhaontaigh an Chomhairle freisin an mhír bhreise sin a phlé ag seisiún poiblí de réir Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 14561/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír sin san Aguisín.

**(b) Liosta reachtach** (plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 14587/24

**Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

1. Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa ar an seasamh ón gComhairle maidir leis an dréachtbhuiséad do 2025 S 14265/24 + COR 1 FIN
*Gan an leasú (na leasuithe) ó Pharlaimint na hEorpa a fhormheas*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 16.10.2024

Dhearbhaigh an Chomhairle nach féidir léi na leasuithe uile ar an seasamh ón gComhairle maidir leis an dréachtbhuiséad do 2025 a fhormheas má ghlacann Parlaimint na hEorpa iad agus d'fhormheas sí an dréachtlitir chuig Parlaimint na hEorpa chuige sin, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad thuas.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

IASCACH

| | | | |
|---|---|---|---|
| **3.** | **Rialachán ón gComhairle lena socraítear na deiseanna iascaireachta is infheidhme i Muir Bhailt le haghaidh 2025**<br>(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 43(3) CFAE)<br>*Comhaontú polaitiúil* | C (*) | 13902/24<br>12844/24 + COR 1<br>+ ADD 1<br>+ ADD 1 COR 1 |

Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an Rialachán lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt le haghaidh 2025.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 4. | Cruinniú bliantúil an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (Limassol, an Chipir, an 11-18 Samhain 2024)<br>*Seisiún tuairimíochta* | | 13800/24 |

TALMHAÍOCHT

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5. | Conclúidí maidir le Comhbheartas Talmhaíochta a bheidh dírithe ar fheirmeoirí tar éis 2027<br>*Formheas* | | 14470/24 |
| **6.** | **Na dúshláin atá roimh bhiashlabhra an Aontais**<br>*Faisnéis ón Uachtaránacht*<br>*Seisiún tuairimíochta* | 2 | 14272/24 |

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir leis na dúshláin atá roimh bhiashlabhra an Aontais. Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an Fhrainc agus an Spáinn ar fáil maidir leis an ngá atá le comhordú Eorpach maidir le vacsaíniú i gcomhair sláinte ainmhithe agus na hidirghabhálacha ó na toscaireachtaí agus ón gCoimisiún.

**Aon ghnó eile**

Iascach

7. **(a) An gá atá le rialacha athbhreithnithe chun go mbeifear in ann broighill agus rónta a fhiach bunaithe ar an éiceachóras d’fhonn stoic éisc íogaire a chosaint** 14552/24
*Faisnéis ón tSualainn, le tacaíocht ón Eastóin, ón bhFionlainn agus ón Laitvia.*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSualainn ar fáil maidir leis an ngá atá le rialacha athbhreithnithe chun go mbeifear in ann broighill agus rónta a fhiach bunaithe ar an éiceachóras d’fhonn stoic éisc íogaire a chosaint. Thug sí dá haire freisin na barúlacha a thug na toscaireachtaí agus an Coimisiún.

Talmhaíocht

**(b) Comhordú Eorpach maidir le Vacsaíniú i gcomhair Sláinte Ainmhithe** 14592/24
*Faisnéis ón bhFrainc agus ón Spáinn*

Pléadh mír 7(b) le mír 6.

**(c) Toradh na comhdhála ‘Cur amú bia – 2024-2030’ maidir le cur amú bia a chosc (Búdaipeist, an 1 Deireadh Fómhair 2024)** 14594/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le toradh na comhdhála ‘Cur amú bia – 2024-2030’ maidir le cur amú bia a chosc agus na hidirghabhálacha ó na toscaireachtaí agus ón gCoimisiún.

**(d) Toradh chruinniú Stiúrthóirí CBT (Búdaipeist, an 10-12 Meán Fómhair 2024)** 14580/1/24 REV 1
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le toradh chruinniú stiúrthóirí CBT (Búdaipeist, an 10-12 Meán Fómhair 2024) agus maidir le toradh chomhdháil stiúrthóirí ghníomhaireachtaí íocaíochta an Aontais (Búdaipeist, an 16-18 Deireadh Fómhair 2024) agus barúlacha na dtoscaireachtaí agus an Choimisiúin.

(e) **Toradh Chomhdháil Stiúrthóirí Ghníomhaireachtaí Íocaíochta an Aontais (Búdaipeist, an 16-18 Deireadh Fómhair 2024)** — 14591/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Pléadh míreanna 7(d) agus 7(e) le chéile.

(f) **Torthaí an chruinnithe d'Airí Talmhaíochta Ghrúpa Visegrad (an tSeicia, an Ungáir, an Pholainn, an tSlóvaic), an Bhulgáir agus an Rómáin (GV4+2) (Poznań, an 25-26 Meán Fómhair 2024)** — 14431/24
*Faisnéis ón bPolainn, thar ceann na Bulgáire, na Seicia, na hUngáire, na Polainne, na Rómáine agus na Slóvaice*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Pholainn ar fáil maidir le toradh chruinniú Ghrúpa Visegrad agus na Bulgáire agus na Rómáine, agus barúlacha na dtoscaireachtaí agus an Choimisiúin.

(g) **Freagairt ón Aontas ar iarmhairtí teagmhas adhaeráide: bearta cistiúcháin géarchéime san Aontas Eorpach** *Faisnéis ón bPortaingéil, le tacaíocht ón mBulgáir, ón gCróit, ón gCipir, ón Eastóin, ón nGréig agus ón Iodáil* — 14439/24

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Phortaingéil ar fáil maidir le freagairt an Aontais ar iarmhairtí teagmhas adhaeráide. Thug sí dá haire freisin barúlacha na dtoscaireachtaí agus an Choimisiúin.

(h) **Comhdháil Arán na Síochána (an Ghearmáin, an 30 Meán Fómhair go dtí an 2 Deireadh Fómhair 2024)** — 14473/24
*Faisnéis ón nGearmáin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Gearmáine ar fáil maidir le Comhdháil Arán na Síochána. Thug an Chomhairle dá haire freisin a raibh le rá ag an gCoimisiún agus na toscaireachtaí ina taobh.

(i) **An gá atá le cur i bhfeidhm an Chreata Shealadaigh Géarchéime agus Aistrithe in earnáil na talmhaíochta a shíneadh agus an teorainn aonair in aghaidh an fhiontair talmhaíochta a mhéadú** — 14464/1/24 REV 1
*Faisnéis ón Rómáin, le tacaíocht ón mBulgáir agus ón tSlóvaic*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Rómáine ar fáil maidir le státchabhair. Thug an Chomhairle dá haire freisin barúlacha na dtoscaireachtaí eile agus an Choimisiúin.

**CRUINNIÚ DÉ MÁIRT, AN 22 DEIREADH FÓMHAIR 2024**

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

IASCACH

**3.** **(ar lean) Rialachán ón gComhairle lena socraítear na deiseanna iascaireachta is infheidhme i Muir Bhailt le haghaidh 2025** C(*) 13902/24 12844/24 + COR 1 + ADD 1 + ADD 1 COR 1
(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 43(3) CFAE)
*Comhaontú polaitiúil*

Féach leathanach 3.

TALMHAÍOCHT

5. (**ar lean**) Conclúidí maidir le Comhbheartas Talmhaíochta a bheidh dírithe ar fheirmeoirí tar éis 2027 14470/24
*Formheas*

8. Saincheisteanna talmhaíochta a bhaineann le trádáil 14322/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*
*Seisiún tuairimíochta*

**Aon ghnó eile**

Talmhaíocht

**7.** **(j)** **Mír nua: An gá atá le haghaidh a thabhairt ar ghar-riosca an tsaortha i gcás clár forbartha tuaithe** [2] **14709/24**
*Faisnéis ón tSlóvaic*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Slóvaice ar fáil maidir le saoradh cistí. Thug an Chomhairle dá haire freisin a raibh le rá ag an gCoimisiún agus na toscaireachtaí ina thaobh.

---

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

(*) Mír ar féidir vótáil a iarraidh ina leith

**Ráiteas a ghabhann leis na míreanna 'B'**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'B':** | **Rialachán ón gComhairle lena socraítear na deiseanna iascaireachta is infheidhme i Muir Bhailt le haghaidh 2025**<br>(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 43(3) CFAE)<br>*Comhaontú polaitiúil* |

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN DANMHAIRG, ÓN EASTÓIN, ÓN bhFIONLAINN, ÓN nGEARMÁIN, ÓN LAITVIA, ÓN LIOTUÁIN, ÓN bPOLAINN AGUS ÓN tSUALAINN maidir le hAirteagal 15(9) den Bhunrialachán a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le trosc Mhuir Bhailt Thoir agus Mhuir Bhailt Thiar in 2025**

'Ós rud é go bhfuil bithmhais na stoc trosc i Muir Bhailt Thoir agus Muir Bhailt Thiar faoi bhun $B_{lim}$, agus chun téarnamh an stoic a áirithiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1139, geallann an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an tSualainn nach mbainfidh siad leas as solúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis na stoic sin in 2025. Is freagairt é an gealltanas siúd ar na himthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair maidir le stoic trosc i Muir Bhailt Thoir agus Muir Bhailt Thiar.'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN DANMHAIRG, ÓN bhFIONLAINN, ÓN nGEARMÁIN, ÓN bPOLAINN AGUS ÓN tSUALAINN maidir le hAirteagal 15(9) den Bhunrialachán a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le scadán Mhuir Bhailt Thiar in 2025**

'Ós rud é go bhfuil bithmhais an stoic scadán i Muir Bhailt Thiar faoi bhun $B_{lim}$, agus chun téarnamh an stoic a áirithiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1139, geallann an Danmhairg, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Pholainn agus an tSualainn nach mbainfidh siad leas as solúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an stoc sin in 2025. Is freagairt é an gealltanas siúd ar na himthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair maidir le stoic scadán i Muir Bhailt Thiar.'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN DANMHAIRG, ÓN EASTÓIN, ÓN bhFIONLAINN, ÓN nGEARMÁIN, ÓN LAITVIA, ÓN LIOTUÁIN, ÓN bPOLAINN AGUS ÓN tSUALAINN maidir le hAirteagal 15(9) sa Bhunrialachán a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le bradán sa phríomh- imchuach in 2025**

'Ós rud é go bhfuil nach mór gach stoc bradán fiáin in aibhneacha i bhforanna 22-29S ICES go maith faoi bhun $R_{lim}$, agus chun téarnamh na stoc a áirithiú, geallann an Danmhairg, an Eastóin, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin agus an Pholainn nach mbainfidh siad leas as an tsolúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis na stoic sin in 2025. Is freagairt é an gealltanas sin ar na himthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair maidir le stoic bradán fiáin in aibhneacha ó dheas go domhanleithead 59 °30′N.
I bhfianaise a theoranta atá imirce na mbradán sna móraibhneacha bradán i Murascaill na Boitnia in 2023 agus 2024, agus chun téarnamh níos tapúla na stoc bradán a áirithiú agus a chur chun cinn, geallann an Fhionlainn nach mbainfidh sí leas as an tsolúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir le cuóta na mbradán sa phríomh-imchuach in 2025. Geallann an tSualainn teorainn a chur leis an leas a bhainfidh sí as an tsolúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 i gcás foghabhála dosheachanta amháin. Is freagairt iad na gealltanais sin ar fhorbairt na stoc bradán fiáin in aibhneacha, ar ábhar imní é, i bhforanna 30-31 ICES.'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN DANMHAIRG, ÓN EASTÓIN, ÓN bhFIONLAINN, ÓN nGEARMÁIN, ÓN LAITVIA, ÓN LIOTUÁIN, ÓN bPOLAINN AGUS ÓN tSUALAINN maidir le malartuithe cuótaí do throsc Mhuir Bhailt Thoir agus Mhuir Bhailt Thiar**

'De mheon na dlúthpháirtíochta, féachfaidh Ballstát nach bhfuil iomlán a chuóta foghabhála do throsc Mhuir Bhailt Thoir nó Mhuir Bhailt Thiar ag teastáil uaidh, féachfaidh sé le teacht ar chomhaontú maidir le malartuithe cuótaí le Ballstát ar féidir leis a léiriú go mbeidh air dul i ngleic le tachtadh iascaigh mar gheall ar na cuótaí teoranta atá aige do throsc Mhuir Bhailt Thoir agus Mhuir Bhailt Thiar.'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN DANMHAIRG, ÓN EASTÓIN, ÓN nGEARMÁIN, ÓN LIOTUÁIN AGUS ÓN bPOLAINN maidir le haistrithe cuótaí na mbradán sa phríomh- imchuach**

'De mheon na dlúthpháirtíochta agus ag aithint na n-iarrachtaí caomhnaithe atá déanta ag an bhFionlainn agus ag an tSualainn, as ar eascair stoic shláintiúla ina n-uiscí féin, féachfaidh Ballstát nach bhfuil in ann a chuóta iomlán a úsáid do bhradán sa phríomh- imchuach ar an gcuid sin den chuóta nár úsáideadh nó nach féidir a úsáid a aistriú go dtí an Fhionlainn agus/nó an tSualainn.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN maidir leis an gcomhaontú polaitiúil ar tháinig an Chomhairle air**

'Tugann an Coimisiún dá aire an comhaontú polaitiúil ar tháinig an Chomhairle air maidir leis na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2025 i Muir Bhailt. Is ábhar imní don Choimisiún é gur lú an dóchúlacht go rannchuideoidh na gnéithe seo a leanas den chomhaontú sin le hathbhunú stoc áirithe i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún, agus go bhfuil an seans ann nach bhfuil siad i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme, lena n áirítear plean ilbhliantúil Mhuir Bhailt. Measann an Coimisiún an méid seo a leanas, go háirithe: (1) ba cheart na gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) i gcás saláin agus scadán Mhuir Bhailt Thiar a bheith socraithe ar leibhéal lena n-áirithítear gur lú ná 5 % an dóchúlacht go dtitfidh na stoic faoi bhun $B_{lim}$ nó go bhfanfaidh siad faoi bhun $B_{lim}$ faoi seach in 2026; agus (2) níor cheart aon iascaireacht spriocdhírithe a bheith ann, bíodh sí ina hiascaireacht tráchtála nó áineasa, ar scadán Mhuir Bhailt Thiar agus ar bhradán sa phríomh-imchuach (ach amháin ó mhí na Bealtaine go mí Lúnasa in uiscí cósta fhoranna 29 Thuaidh go 31) a molann an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara stop a chur leis an iascaireacht uile ina leith.'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN DANMHAIRG, ÓN nGEARMÁIN AGUS ÓN ÍSILTÍR maidir le hAirteagal 15(9) den Bhunrialachán a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann leis an trosc Ioruach sa Mhuir Thuaidh i séasúr iascaireachta 2025**

'Ós rud é go dtuarann ICES go bhféadfaidh bithmhais an troisc Ioruach sa Mhuir Thuaidh (NOP/2A3A4.) laghdú faoi bhun na teorann $B_{lim}$ fiú mura ngabhtar aon ghabháil agus ós rud é nach nglacann ICES aon ghabháil le haghaidh shéasúr iascaireachta 2025 (an 1 Samhain 2024 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2025), agus chun téarnamh an stoic a áirithiú, geallann an Danmhairg, an Ghearmáin agus an Ísiltír nach mbainfidh siad leas as an tsolúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an stoc sin

i séasúr iascaireachta 2025. Is freagairt é an gealltanas siúd ar na himthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair don stoc sin.’

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN gCOIMISIÚN AGUS ÓN nGEARMÁIN maidir leis an rogha tacú le scor sealadach de ghníomhaíochtaí iascaireachta faoin gCiste Eorpach Muirí Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID)**

1. ‘De réir Airteagal 5(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic troisc, scadáin agus saláin i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, d’fhéadfaí bearta éigeandála arna nglacadh ag na Ballstáit de bhun Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas iascaigh a áireamh sna bearta leighis chun críoch Airteagal 5 den Rialachán sin, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe.

2. I bhfianaise mheasúnú na Comhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) ar an trosc agus ar an scadán i bhforanna 22-24, measann an Ghearmáin, dá bhrí sin, gur gá bearta éigeandála a ghlacadh de bhun Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Is é atá sna bearta éigeandála i bhforanna 22-24 do shoithí iascaireachta Gearmánacha tréimhse choiscthe 30 lá a thabhairt isteach chun trosc a chosaint sa bhreis ar an gcosc le linn séasúr sceite trosc a leagtar síos in Airteagal 7(3) den Rialachán lena socraítear do 2025 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt nach mbeidh feidhm ag an díolúine atá in Airteagal 7 (4)(b) lena linn, agus teorainn bhreise 30 lá a chur le hiascach scadán ar lena linn a chuirtear isteach ar an díolúine d’iascach cósta áirithe ar mionscála agus iascach foghabhálacha scadán ón toirmeasc díriú ar scadán an iarthair.

3. Tá an Coimisiún agus an Ghearmáin ar aon fhocal go bhfuil an beart éigeandála sin incháilithe do chistiú faoi Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 ar choinníoll go bhfuil sé i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 21(2)(c) den Rialachán sin.’

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN gCOIMISIÚN, Ó LAITVIA AGUS ÓN tSUALAINN maidir leis an rogha tacú le scor sealadach de ghníomhaíochtaí iascaireachta scaláin faoin gCiste Eorpach Muirí Iascaigh agus Dobharshaothraithe**

1. ‘De réir Airteagal 5(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic troisc, scadáin agus saláin i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, d’fhéadfaí, faoi choinníollacha áirithe, bearta éigeandála arna nglacadh ag na Ballstáit de bhun Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas iascaigh a áireamh sna bearta leighis chun críoch Airteagal 5 den Rialachán sin.

2. I bhfianaise an mheasúnaithe a rinne an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) ar an salán a mhéid a bhaineann le ráta íseal earcaíochta stoic na bliana seo caite agus na rioscaí arda atá ann go laghdófar a thuilleadh an bhithmhais stoic sceite atá ann faoi láthair agus méid foriomlán an stoic, measann sí gurb iomchuí, de bhun Airteagal 13(I) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, bearta breise roghnacha éigeandála a chur i bhfeidhm ar leibhéal na mBallstát (tréimhse choiscthe aon mhí amháin sa bhreis ar speicis pheiligeacha ghinearálta tréimhse choiscthe iascaigh 3 mhí ón 1 Bealtaine go dtí an 31 Iúil thar theorainneacha 12 mhíle arna nglacadh leis an Rialachán maidir le TAC agus Cuótaí Mhuir Bhailt le haghaidh 2025).

3. Tá an Coimisiún, an Laitvia agus an tSualainn ar aon fhocal go bhfuil an beart éigeandála sin incháilithe do chistiú faoi Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 ar choinníoll go dtugtar isteach é i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 21(2)(c) den Rialachán sin.'